

# ☘ An Lúibín ☘

3 Lúnasa 2007

## **An Ghaeltacht in ísle brí**

*A new report shows what other statistics confirm: that the Gaeltacht will be English-speaking within twenty years.*

Táthar tar éis a fháil amach (arís) go bhfuil an Ghaeilge i gcontúirt sa Ghaeltacht. Tá tuarascáil nua déanta (agus sceitheadh cuid di ar *Foinse*), ceann a chosain €550,000 agus a thóg dhá bhliain. Deir sí nach mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht thar 15-20 bliain.

Ní labhraíonn ach 24% d'aos óg na Gaeltachta Gaeilge lena chéile. Tá méadú mór tagtha ar an líon páistí sa Ghaeltacht a rugadh taobh amuigh di agus tháinig méadú ar líon na gcainteoirí dúchais nach mbaineann feidhm as a gcuid Gaeilge.

Dúirt an tAire nach bhfuil an Rialtas chun an tuarascáil a fhoilsiú go dtí go socrófar ar an rud atá le déanamh, ach d'admhaigh urlabhra de chuid an Aire go raibh na figiúirí ag cur lena raibh sa Daonáireamh. Cuirfear leagan achoimrithe den taighde amach ar leabhrán agus leagan iomlán ar dhlúthdhiosca.

Molann an tuarascáil go gceapfaí plean teanga seacht mbliana do na Gaeltachtaí go léir agus go ndéanfaí athleasú ar oideachas sa Ghaeltacht. Mar chuid de seo moltar go gcuirfí 'scoileanna speisialta' ar bun le haghaidh daltaí gan Ghaeilge. Ní ligfí isteach sna gnáthscoileanna go dtí go mbeadh máistreacht acu ar an teanga. Moltar freisin go mbunófaí Coláiste Oiliúna do Mhúinteoirí sa Ghaeltacht.

Deir Dáithí Mac Cárthaigh, Uachtarán an Chonartha, nach foláir forlámhas a bheith ag an teanga i gcúrsaí oideachais, riaracháin, gnó, dlí agus creidimh, agus sna cumainn dheonacha. Luann sé síor-úsáid an Bhéarla ag na cumainn sin agus gur i mBéarla amháin a bhíonn go leor bunseirbhísí agus ócáidí sa Ghaeltacht.

Deir John Walsh, léachtóir le sochtheangeolaíocht i nGaillimh, gur cheart cuimhneamh ar an nGaeltacht mar chuid de réimse dátheangach na tíre, ón mbeagán áiteanna a bhfuil neart Gaeilge á labhairt go dtí an chuid eile den tír mar a dtuigeann mórán daoine Gaeilge gan í a labhairt. Is é an tábhacht atá leis na Gaeltacht nach bhfuil aon limistéar eile ann a n-úsáideann cainteoirí dúchais an Ghaeilge mar theanga phobail, cé gur úsáid mhíchothrom atá i gceist..

Chuaigh Brian O'Connell ón *Irish Times* ag caint le daoine faoin scéal. Orthu sin bhí cailín i mBaile Bhúirne a d'admhaigh gur beag Gaeilge a chloisfeá san áit; ar scoil, a dúirt sí, ní labhraítí ach í, ach ní úsáideann sí féin agus a cairde eatarthu féin í, mórán, cé go ndéanann sí téacsanna a chur chun cúpla duine i nGaeilge. Dúirt cailín eile, agus í ina mac léinn ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh, go raibh meas éigin uirthi ann toisc gur chainteoir líofa í agus go raibh fonn ar dhaoine Gaeilge a labhairt léi. Dúirt a hathair, múinteoir, go raibh an teanga níos tanaí anois ach nach raibh an doicheall céanna roimpi ar scoil is a bhí lena linn féin.

Deir an tAire go bhfuil baint ag cúrsaí sóisialta leis an scéal: sa seansaol dhéanfaí cleamhnas sa chomharsanacht, ach anois is furasta duine a phósadh ó áit i bhfad i gcéin. Agus ní mór a chuimhneamh go bhfuil an teanga níos láidre i gcoitinne.





### **Teanga agus ealaín**

*The most powerful (and expensive) of modern Aboriginal art owes its power ultimately to language – the indigenous tongues through which the Dreaming is transmitted. What happens if those languages die?*

Tá an pictiúr *Warlugulong* le Clifford Possum Tjapaltjarri tar éis \$2.4m a fháil (fuair an péintéir féin bás sa bhliain 2002). Is gearr ó díoladh *Cruthú na Cruinne* le Emily Kame Kngwarreye ar \$1.05 milliún. Bhí na péintéirí seo ar na daoine is suntasaí i measc na n-ealaíontóirí nua-aoiseacha san Fhásach Thiar, agus tá saineolaithe ann a déarfadh go a saothair á ndíol go mór faoi bhun a luacha.

As an spioradáltacht dhúchasach a thagann saothar na healaíontóirí sin, daoine a fáisceadh as an dúchas is sine ar domhan agus a bhfuil eolas rúnda an dúchais sin acu. Tá ré na cruthaíochta (*Dreaming* an Bhéarla) fite fuaite in aigne agus in ealaín na seandaoine. Eagna shinseartha í a chuirtear in iúl trí na scéalta: agus is scéal é gach pictiúr.

Tá na healaíontóirí is fearr in ann an eagna sin a chur os ár gcomhair le háilleacht radhairc a bhfuil tocht agus domhaintuiscint inti. Trí na teangacha dúchais a thagann a n-oighreacht anuas; níl baint aici le Béarla ná leis an griúal atá forleathan sna cúlchríocha. Má imíonn na seanteangacha tiocfaidh athrú bunúsach ar an ealaín: déanfar ornáidíocht den rud a bhí lán de bhrí. Déarfadh daoine éigin go bhfuil sin le haithint cheana.

Dúchas é atá á lagú i measc an aosa óig: *Kriol* is rogha leo go minic mar phríomhtheanga, agus is lag an iarracht a rinneadh ar léamh agus scríobh na seanteangacha a mhúineadh dá bhformhór, cé go bhfuil roinnt scoileanna ann a sholáthraíonn oideachas dátheangach. Ba chóir do lucht oideachais iarracht rianúil a dhéanamh fadó ar theangacha dúchais a shaothrú in éineacht le Béarla. Seo scéal a ndearnadh praiseach de, cheal tuisceana. B'fhusa riamh aird a thabhairt ar fhadhbanna eile agus ní hé sin le rá gur féidir gach mionteanga dhúchais a shábháil mar rud beo. Mar sin féin, b'fhiú dul i gceann na hoibre: rachadh slánú cultúrtha i bhfeidhm ar gach taobh eile den saol, agus is léir faoin am seo go dtagann an Béarla féin níos réidhe mar theanga bhreise ach léamh agus scríobh a bheith ag daoine ina dteanga dhúchais .

B'fhéidir go n-aithneofaí feasta gurbh é deireadh an 20ú haois buaic na healaíne Bundúchasaí lenár linn. Más ea, b'fhiú a chuimhneamh go raibh an t-éacht ag brath ar chumas teanga – an rud a shoilsíonn dúchas.



***Scarfaidh ar tháinig le chéile, ideofar gan fuilleach ar bailíodh le chéile.***

Sean-nath Búdach ón Tibéad.



## Teanga an dragain

*The Chinese recognize the power of language as a vehicle of power through culture.*

Is é an cultúr an rud is mó cumhacht i gcaidreamh idirnáisiúnta; is é is mó a théann i bhfeidhm ar bheartais shóisialta, eacnamaíocha agus mhíleata, agus is iad na teangacha na huirlisí is fearr chun idirdhealú cultúrtha a dhéanamh: sin í tuairim na scoláirí Sheng Ding agus Robert Saunders, agus ní hiad amháin a déarfadh é.<sup>1</sup>

Bhí Sheng Ding agus Robert Saunders ag plé úsáid na Síne mar ghléas cultúrtha. I measc teangacha na hEorpa is í an Fhraincis an sampla is fearr de theanga a úsáidtear ar an dóigh seo. Is minic a deirtear gur tháinig an Béarla i réim de bharr chumhacht an dá impireacht – ceann na Breataine agus ceann Mheiriceá i ndiaidh a chéile. D'éirigh leis an bhFraincis fanacht i gcéim ní hamháin sna hiarchoilíneachtaí ach ar fud an domhain de bharr a cáile mar mheán intleachtúil agus míncultúir. Tá gradam ag baint léi go fiú i dtíortha an Bhéarla. (Ní lúide an gradam sin, ar ndóigh, an chabhair a thugann rialtas na Fraince don teanga thar sáile.) Is léir gur mhaith leis an tSín an bealach céanna a ghabháil, agus cuimhne aici ar an tionchar a bhí aici riamh ar na tíortha máguaird ó aimsir na ríochta Tang (618-906).

Mar a deir Sheng Ding agus Saunders, ní furasta cultúr an Síne a shainmhíniú: ní foláir ealaín, teanga agus nósanna a chur san áireamh – meas ar na sinsir, ar na húdaráis agus ar an oideachas, mar shampla. Faoi láthair tá an tSín á cur féin in iúl tríd an scannánaíocht; bainfear an fheidhm chéanna as na Cluichí Oilimpeacha sa bhliain 2008. Ach is í an teanga an uirlis is géire faobhar chuige.

Cuireadh *An Oifig Náisiúnta um Shínis a Mhúineadh mar Theanga Iasachta* ar bun sa bhliain 1987, agus ansin tosaíodh ag cur institiúidí cultúrtha ar bun; is díol suime é gur i dtíortha liobrálacha daonlathacha is mó a rinneadh é seo - an Astráil, na Stáit, an tSualainn, an Fhrainc agus eile. Is é an aidhm atá ag an tSín 100 milliún Síneoir nua a dhéanamh ar feadh cúig bliana.

Ná dearmadaimis go bhfuil mórán mac léinn idirnáisiúnta sa tSín – 407,000 duine as 68 tír a bhí ann sa bhliain 2000. Níl an oiread sin daoine ag foghlaim Síne thar lear go fóill – sa bhliain 2006 bhí timpeall 24,000 dalta á foghlaim sna Stáit agus os cionn milliún dalta ag foghlaim Fraincise ann.

Tír ilteangach is ea an tSín féin sa mhéid go bhfuil na canúintí ina dteangacha difriúla i ndáiríre, agus is í an 'chaint choitianta,' an Mhaindirínis (teanga na príomhchathrach agus an réigiúin máguaird), atá á cur chun cinn ag na húdaráis. D'fhéadfadh seo teacht salach ar theangacha áitiúla na seanphobal Síneach i Meiriceá Thuaidh, san Astráil agus in Oirdheisceart na hÁise, pobail a bhfuil a nósanna féin acu agus nach bhfuil tairní acu ar an litriú simplithe atá á úsáid sa tSín.

Rud eile a bhacann eachtraí cultúrtha na Síne thar lear is ea an chonspóid a bhaineann le cearta daonna sa Tibéad agus sa tSín féin, gan trácht ar an gcaidreamh neamhshocair idir í agus an Téamháinn. Tá bun fós leis an méid a dúirt C.P. Fitzgerald, scoláire mór Síne ón Astráil, os cionn dhá scór blianta ó shin, i dtaobh dhá mhórchuspóir na Síne a bheith bunoscionn lena chéile: 'críocha agus gradam na hImpireachta Síne a bhaint amach arís de réir mar a bhí sí i mbuaic a réime' in aghaidh 'ceannas mórálta agus saolta na Síne a chur i bhfeidhm'.<sup>2</sup> Mar a deir Sheng Ding agus Saunders, ní foláir don tSín dul i mbun an tsoiscéalaithe cultúrtha go stuama séimh.

<sup>1</sup> 'Talking Up China: An analysis of China's rising cultural power and global promotion of the Chinese language,' Sheng Ding & Robert A. Saunders, *East Asia*, Summer 2006, Vol. 23, No. 2.

<sup>2</sup> *The Chinese View of Their Place in the World*, C.P. Fitzgerald, Chatham House Essays: 1, Oxford University Press 1964.

Tá baint ag an bhfeachtas teanga seo le rud eile a luann Fitzgerald – an tseantuarim láidir atá ag na Síne (agus bunús éigin léi ó thaobh na staire de) gurb í cultúr ársa na Síne buaic na sibhialtacht. B'fhéidir nár cuireadh san áireamh na deacrachtaí go léir atá ag gabháil le nádúr tonach na teanga agus leis an modh scríbhneoireachta, ach tar éis an tsaoil tá rath an fheachtais ag brath ar an tuiscint atá ag eachtrannaigh ar fheidhm na teanga agus ar fhiúntas bunaidh an chultúir, agus ní críonna an té a mheasfadh diongbháilteacht na n-institiúidí cultúrtha faoi bhun an chirt.

Tá rudaí le tuiscint as seo maidir le ceist na Gaeilge in Éirinn agus an iarracht atá á déanamh ar í a chur chun cinn san Aontas Eorpach. Léirigh an chonspóid a lean an iarracht seo go bhfuil Éire idir dhá chomhairle faoi fhónamh na teanga mar shamhailchomhartha; léirigh sí freisin an gá a shíl an rialtas a bheith le hidirdhealú cultúrtha. Samhlaíodh go ndéanfadh an teanga rud nárbh fhéidir le Joyce ná an bhratach náisiúnta a chur i gcríoch: Éire a dhéanamh dearscnaitheach i measc na náisiún. Ach is folamh an rud teanga i ndíth cainteoirí, agus táimid ag fanacht fós le pobal Gaeilge a d'fhágfadh a rian go soiléir ar gach gné den saol.



### **Tumoideachas Gaeilge**

*The Irish Minister of Education has decided, controversially, that English must be taught from the very beginning in all-Irish schools.*

Tá an tAire Oideachais, Mary Hanafin, tar éis a fhógairt go gcosfar tumoideachas iomlán ar scoileanna lán-Ghaeilge. Faoi láthair úsáideann timpeall an tríú cuid de Ghaelscoileanna na Poblachta Gaeilge amháin i rang na naíonán beag, ach caithfidh na scoileanna go léir tús a chur le ranganna Béarla sa dara téarma feasta – sin dhá uair an chloig sa lá.

Conspóid i dTrá Lí ba chúis le cinneadh an Aire; dúirt tuarascáil de chuid na Roinne go raibh an tumoideachas ag déanamh díobhála do Bhéarla na leanaí sa Ghaelscoil ann. Dúirt an tAire freisin nach raibh sí sásta go bhféadfadh na scoileanna féin a shocrú cá mhéad am a chaithfidís ar ábhair dhifriúla.

I dTuaisceart Éireann tá cead ag scoileanna lán-Ghaeilge múineadh an Bhéarla a fhágáil go dtí Rang 1. Tá Gaelscoileanna Teo (an eagraíocht a labhraíonn ar son na mbunscoileanna lán-Ghaeilge) thar a bheith míshásta le cinneadh an Aire, go háirithe ó tá sé bunsoscionn le comhairle Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Beifear ag iarraidh comhairle dlí.

Seo thíos ráiteas a rinne Gaelscoileanna Teo faoin scéal:

#### CINNEADH ÉIGRÍONNA AN AIRE OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA MAIDIR LE CÓRAS TUMOIDEACHAIS NA nGAELSCOILEANNA

Iúil 31ú, 2007


Ábhar iontais agus díomá é do GAELSCOILEANNA TEO. agus do ghaelscoileanna na tíre seo an fógra a rinne an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar an 26ú Iúil 2007 i dtaobh cleachtais an tumoideachais i ngaelscoileanna na tíre seo in ainneoin comhairle saineolach, forleathan agus comhaontaithe. Is é an cinneadh tromchúiseach atá á ghlacadh ag an Aire ná go gcuirfear iallach ar na gaelscoileanna teagasc an Bhéarla a thosú go foirmeálta ar a dhéanaí ag tús an dara théarma sna naíonáin shóisearacha. Tagann an cinneadh seo i bhfolús aon pholasaí comhaontaithe Stáit ar an tumoideachas.

Déanann an cinneadh seo neamhaird ar dhea-thorthaí, luachanna agus ar ardchaighdeán leanúch an chórais tumoideachais in Éirinn. Is cinneadh é seo ba chóir a bheith bunaithe ar thorthaí taighde chuimsitheach, dúchasach, eolaíoch agus acadúil seachas ar thuairimíocht agus tástáil claonta agus neamhiomlán i gcás scoil amháin nó fiú líon beag scoileanna.

Léiríonn cinneadh an Aire go bhfuil doiléireacht ann faoi bhunús, cur chuige agus riachtanais an chórais tumoideachais. Ní hí an cheist atá ann an bhfaigheann nó nach bhfaigheann páistí na scoileanna lán-Ghaeilge buntáiste iomlán an churaclaim Béarla, rud atá amhlaidh, ach cén uair is fearr ó thaobh feidhmiú éifeacht an chórais tumoideachais go dtosaítear go foirmeálta ar theagasc litearthacht an Bhéarla. Níl ciall ná réasún leis an gcomparáid atá á dhéanamh idir theagasc éigeantach na Gaeilge i scoileanna lán-Bhéarla agus idir theagasc an Bhéarla sna gaelscoileanna. Ní mór a mheabhúr gur córas roghnach atá i gcóras na gaelscolaíochta, córas atá bunaithe ar chomhaontú polasaithe agus ar chomhchaidreamh le tuismitheoirí.

Ní mór leibhéal na feasachta faoin gcóras a ardú chun go dtuigtear go mbaintear na cuspóirí ar fad atá luaite leis an gcuraclam Béarla, móide cuspóirí sa bhreis orthu siúd, go h-iomlán amach le linn an tréimshe bunscolaíochta. Lárphrionsabal an tumoideachais ná go mbíonn luath-thréimhse na bunscolaíochta tiomnaithe do bhuanú agus do shealbhú riachtanach na Gaeilge.

Chuir na páirtithe leasmhara, GAELSCOILEANNA TEO. ina measc móide comhairleoirí an Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) argóintí agus riachtanais an chórais faoi bhráid an Aire. Cuireadh béim ar an mbunriachtanas a bhaineann le feidhmiú mholtaí an CNCM, chomh maith le sainchomhairle na saineolaithe teanga agus oideachais eile. Cuireadh faoi bhráid an Aire an géarghá a bhaineann le h-íniúchadh forleathan agus cruinn ar chur chuige na ngaelscoileanna agus ar na torthaí Béarla a eascraíonn ón gcóras de réir tástálacha oiriúnaithe don ghaelscolaíocht. I bhfocail an Ardfeidhmeannaigh, Bláthnaid ní Ghréacháin, <sup>3</sup>Dealraítear go bhfuil neamhaird a dhéanamh ar na h-éilimh atá ag an earnáil faoi conas í a láidriú, mar shampla trí thástálacha agus acmhainní chuí, agus ina áit go bhfuil an bonn á bhaint den chóras trí bhac a chur ar an luath-thréimhse tumtha sa Ghaeilge. Ní leor téarma amháin sna naionáin bheaga chun go mbeidh éifeacht leis an tumadh riachtanach seo.

Deir Uachtarán na hEagraíochta, Mícheál Ó Broin gur cuireadh i leith na hearnála go bhfuil cur chuige  la carte<sup>1</sup> á ghlacadh i dtaobh na gcleachtais atá ann, cáineadh nach mbeadh aon bhunús leis dá dtabharfaí feidhm do mholtaí an CNCM lena bhfuil ceithre mhúnla molta mar thúsphointe taighde.

Ábhar alltacht d'earnáil na Gaeilge ina iomláine an cinneadh seo sa mhéid is go dtagann an cinneadh seo salach ar pholasáí an Stáit i dtaobh caomhnú na teanga mar go gcuireann sé bac ar an modh is rathúla chur chun cinn na teanga sa tír seo, sé sin cleachtas an chórais tumoideachais iomlán.

Aithnítear sa taighde agus sa chleachtas gurb é an córas tumoideachais iomlán an córas is éifeachtúla do shealbhú an dara theanga.

Is í fírinne an scéil ná nach bhfuil aon fhianaise ann nach bhfuil ag éirí leis an gcóras tumoideachais ná go bhfuil páistí na ngaelscoileanna chun deiridh ó thaobh inniúlacht sa Bhéarla. A mhalairt d'fhianaise atá ann, agus faraor cuireann an cinneadh seo bac ar chláir taighde eolaíoch chun go léireofaí dea-thorthaí agus ardchaighdeán an chórais.

Éilimid ar an Aire thar ceann na h-earnála torthaí taighde dúchasach agus cuimsitheach a bheith mar bhunús aon chinneadh ar thodhchaí an chórais tumoideachais agus go gcuirfí moltaí an CNCM i bhfeidhm dá réir láithreach chun go leanfaí leis an obair fhiúntach i bhforbairt treoirilínte ar dhea-chleachtas an tumoideachais.

Is í GAELSCOILEANNA TEO. eagraíocht chomhordaitheach na scoileanna lánGhaeilge. Cabhraíonn sí le tuismitheoirí agus le grúpaí áitiúla scoileanna nua a bhunú agus tacaíonn sí leis na scoileanna atá bunaithe cheana féin. Tá 163 bunscoil agus 38 iar-bhunscoil ag cur oideachais lánGhaeilge ar fáil faoi láthair. Tá ceithre bhunscoil lán-Ghaeilge ag oscailt Meán Fómhair 2007 móide ceithre iarbhunscoil nua.

Tuilleadh eolais:

Bláthnaid Ní Ghréacháin 01 4773155 Mícheál Ó Broin  
eolas@gaelscoileanna.ie CRÍOCH

087-9467700

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)  
nó chun: [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to  
[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au) or [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)*